

Tóraíocht Taisce – Gníomhaíochtaí Timpeall an Tí

Is féidir na gníomhaíochtaí sultmhara tóraíocht taisce seo a dhéanamh sa teach nó ar an mbalcóin nó sa ghairdín.

Ag Aimsiú Uigeachta

Téigh sa tóir ar phatrúin agus ar chineálacha éagsúla uigeachta timpeall an tí. Bíodh criáin agus píosa páipéir leat agus déan cuimilt bheag ar na patrúin shuimiúla a aimsíonn tú. An féidir le do theaghlach tomhas a dhéanamh cén áit a bhfuair tú an patrún?

Ag Aimsiú Uimhreacha

Bain úsáid as na huimhreacha ar an leathanach seo, agus aimsigh rudaí sa teach a bhfuil an líon sin acu ann. Thiocfadh leat na huimhreacha a ghearradh amach nó thiocfadh leat iad a dhathú de réir mar a aimsíonn tú rudaí. Féach timpeall an tí don uimhir a phiocann tú, don líon sin rudaí. Mar shampla, thiocfadh leat sé chathaoir a fháil nó trí theilifiseán.

Tóraíocht Aibítire

Oibrigh do bhealach tríd an aibítir agus déan iarracht rud a aimsiú a thosaíonn le gach litir. Mar shampla, A = anraith...

Bí ag Bogadh!

Féach timpeall an tí. Cé mhéad rud éagsúla is féidir leat aimsiú is féidir:

- rolláil?
- casadh?
- brú?
- sleamhnú?
- preabadh?

1

2

3

4

5

6

7

8

9

10

Tóraíocht Taisce Timpeall an Ghairdín

Is féidir na gníomhaíochtaí sultmhara tóraíocht taisce seo a dhéanamh sa teach nó ar an mbalcóin nó sa ghairdín.

Ar Lorg Tuar Ceatha

Déan iarracht rudaí difriúla a aimsiú sa ghairdín a bhfuil dathanna difriúla tuar ceatha orthu.

Aimsigh rudaí atá:

- dearg?
- buí?
- gorm?
- corcairghorm?
- oráiste?
- glas?
- plúiríneach?

Ag Fiosrú Fuaimeanna

Suigh go ciúin agus éist go cúramach. An féidir leat fuaimeanna a chluinstin a dhéanann:

- inneall?
- daoine?
- peataí?
- nádúr?
- éin?

Cuardach Cruthanna

Luigh siar ar do dhroim. An féidir leat rudaí a aimsiú atá:

- cearnógach?
- ciorclach?
- triantánach?
- dronuilleogach?
- heicseagánach?

Ag Aimsiú Uigeachta

Féach timpeall ar an ngairdín. Cé mhéad rud is féidir leat aimsiú atá:

- garbh?
- mín?
- cnapánach?
- bog?